2026/2234

5.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2234 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de, i gcomhar le h Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ([2]).

(2) De bhun Airteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is féidir leis an gComhchoiste a bunaíodh le h Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú chun aon Chinneadh nua nó Moladh nua arna fhormheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a léiriú.

(3) Le linn an chéad chruinnithe eile a reáchtálfar, tá sé beartaithe ag an gComhchoiste cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar chun Cuid I d'Iarscríbhinn I de a leasú, chun ceithre chinneadh nua arna bhformheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur leis an liosta a leagtar amach sa Chuid sin agus chun dhá chinneadh a scriosadh ón liosta sin, ar cinntí iad ar cuireadh dhá cheann de na cinntí nua sin ina n-ionad.

(4) Má ghlactar an cinneadh atá beartaithe ón gComhchoiste, beidh éifeachtaí dlíthiúla aige don Aontas.

(5) Dá bhrí sin, is gá an seasamh atá le glacadh sa Chomhchoiste a bhunú maidir le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhchoiste'), leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/135/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 1 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
T. O'CALLAGHAN

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/2026 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an …

lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 36(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar tugtar de chumhacht don Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, chun aon Chinneadh nua nó Moladh nua arna bhformheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a léiriú. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe cinntí den sórt sin a chur chun feidhme, a mbeidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.

(2) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú trí cheithre chinneadh ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur léi agus trí dhá chinneadh ar cuireadh dhá cheann de na cinntí nua sin ina n-ionad a scriosadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, leasaítear í mar a leanas:

(1) cuirtear an gníomh seo a leanas leis faoi 'Malartú Sonraí Leictreonacha (Sraith E)':

— Cinneadh Uimh. E8 an 14 Márta 2024 maidir le nós imeachta um bainistiú athruithe a bhunú a bhfuil feidhm aige maidir le mionsonraí na gcomhlachtaí a shainítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a liostaítear san eolaire leictreonach ar dlúthchuid é de EESSI ([2]);

([1]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.
([2]) IO C, C/2024/6842, 12.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6842/oj.

(2) cuirtear na gníomhartha seo a leanas isteach faoi 'Saincheisteanna cothrománacha (Sraith H)':

— Cinneadh Uimh. H14 an 21 Meitheamh 2023 maidir le foilsiú an Nóta Treorach maidir le paindéim COVID-19, an nóta maidir le léirmhíniú ar chur i bhfeidhm Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Airteagail 67 agus 70 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 le linn phaindéim COVID-19, an Nóta Treorach maidir leis an teilea-obair is infheidhme don tréimhse idir an 1 Iúil 2022 agus an 30 Meitheamh 2023 agus an Nóta Treorach maidir leis an teilea-obair is infheidhme ón 1 Iúil 2023 ([3]);

— Cinneadh Uimh. H 15 an 27 Meitheamh 2024 maidir le modhanna oibríochta agus comhdhéanamh an Choimisiúin Theicniúil um Próiseáil Sonraí de chuid an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta ([4]);

(3) cuirtear an gníomh seo a leanas isteach faoi 'Breoiteacht (Sraith S)':

— Cinneadh Uimh. S 12 an 16 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le haisíoc cúram sláinte maidir le haistriú othar go Ballstát eile i gcás líon mór taismeach tar éis tubaistí ([5]);

(4) scriostar an gníomh seo a leanas faoi 'Malartú Sonraí Leictreonacha (Sraith E)':

— Cinneadh E2 an 3 Márta 2010 maidir le nós imeachta um bainistiú athruithe a bhunú a bhfuil feidhm aige maidir le mionsonraí na gcomhlachtaí a shainítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a liostaítear san eolaire leictreonach ar dlúthchuid é de EESSI ([6]);

(5) scriostar an gníomh seo a leanas faoi 'Saincheisteanna cothrománacha (Sraith H)':

— Cinneadh Uimh. H10 an 21 Deireadh Fómhair 2020 maidir le modhanna oibríochta agus comhdhéanamh an Choimisiúin Theicniúil um Próiseáil Sonraí de chuid an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta ([7]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

([3]) IO C, C/2024/594, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/594/oj.
([4]) IO C, C/2024/6845, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6845/oj.
([5]) IO C, C/2025/1598, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1598/oj.
([6]) IO C 187, 10.7.2010, lch. 5.
([7]) IO C 89, 16.3.2021, lch. 6.